

Aistear – céard é féin?

Creatchuraclam is ea Aistear do leanaí ó bhreith go sé bliana in Éirinn. Déantar cur síos ann ar chineálacha foghlama atá tábhachtach do leanaí sna blianta luatha. Ós rud é gur creatchuraclam é, féadfaidh *Aistear* a bheith ina **threoir** do sheirbhísí seisiúnacha atá ag pleanáil clár foghlama praiticiúla do leanaí i suíomhanna ar nós réamhscoileanna, grúpaí súgartha, naionraí agus Aonaid Tuis Luath.



Is cleachtóir mé i seirbhís seisiúnach; conas a chabhróidh *Aistear* liom?

Tá neart samplaí breátha, smaointe spreagúla agus moltaí praiticiúla in *Aistear* a chabhróidh leat agus tú i mbun do chuid oibre le leanaí. Fuarthas cuid de na samplaí sin ó chleachtóirí atá ag obair i seirbhísí seisiúnacha eile ar fud na tíre.

Má tá tú páirteach sa Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (Tionscnaimh an Bhliain Réamhscoile) beidh tú ag tosú ar *Síolta* a úsáid. Féadfaidh *Aistear* cabhair phraiticiúil a sholáthar duit agus tú ag iarraidh caighdeán *Síolta* a shroicheadh. Mar shampla, d'fhéadfá leas a bhaint as téarmaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear* chun curaclam a phleanáil a chabhróidh leis na leanaí sa suíomh agat féin dul i mbun foghlama agus foráis ar shlí a bheidh spraiúil agus dúshlánach dóibh. Má tá curaclam agat cheana féin, d'fhéadfá *Aistear* a úsáid mar áis chun an obair atá ar bun agat leis na leanaí a dhoimhniú agus a leathnú. Tá neart smaointe agus samplaí praiticiúla in *Aistear* den tslí le tacú le foghlaim agus forás leanaí tríd an tsúgradh; ina theannta sin gheofar liosta fada acmhainní súgartha atá saor in aisce nó neamhchostasach. Sin, nó d'fhéadfá smaointe nua a fháil ann faoin tslí le dul i mbun oibre le tuismitheoirí.

Aistear: Cá bhfuil sé le fáil?

Tá *Aistear* ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag www.ncca.ie/luathoige. Rinneadh líon teoranta CDanna agus cóipeanna clóite. Cuireadh cóip CD agus cóip chlóite amháin i leataobh le haghaidh gach suímh atá páirteach i dTionscnamh na Bliana Réamhscoile. Cuireadh na CDanna díreach chuig suíomhanna ag deireadh 2009/go luath in 2010. Cuireadh na cóipeanna clóite chuig na Coistí Cúram Leanaí Cathracha agus Contae (CCCanna) in earrach na bliana 2010.

Aistear: Céard eile atá ann?

Ceithre eilimint atá in Aistear:

- *Prionsabail agus téamaí*
- *Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais*
- *Treoir úsáide*
- *Príomhtheachtaireachtaí na bpáipéar taighde.*

Is iad na *Prionsabail agus téamaí* agus na *Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais* na heilimintí is mó tábhacht.



Prionsabail agus Téamaí

Dhá cheann déag de **phrionsabail** atá in *Aistear*. Beidh cur amach agat ar chuid díobh seo cheana féin mar is cosúil iad le prionsabail *Síolta, An Creatlach Náisiúnta Cailíochta d'Oideachas na Luath-Óige* (2006). In *Aistear*, baintear úsáid as ceithre **théama**, bunaithe ar na prionsabail sin, chun cur síos gearr a dhéanamh ar an méid a fhoghlaimíonn leanaí le linn bhlianta na luath-óige.

Is iad na téamaí sin:

- *Folláine agus Leas* (lgh 16–23)
- *Féiniúlacht agus Muintearas* (lgh 25–32)
- *Cumarsáid* (lgh 34–41)
- *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* (lgh 43–52).

Tá ceangal idir na téamaí ar fad agus iad nasctha le fearainn forbraíochta ar nós PILES. Tá baint dhíreach idir iad agus ábhair in *Curaclam na Bunscoile* (1999).

Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais

Tá treoirlínte in *Aistear* chomh maith a fhéachann ar na nithe seo a leanas:

- comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir tuismitheoirí agus cleachtóirí (lgh 6–25)
- conas foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh 26–51)
- conas foghlaim agus forbairt tríd an súgradh (lgh 52–70)
- tacaíocht don foghlaim agus don fhorbairt tríd an mheasúnú (lgh 71–102).

Gheofar sna treoirlínte 23 eiseamláir de dhea-chleachtas i seirbhísí seisiúnacha.

Eispéiris foghlama a thugtar orthu seo agus léiríonn siad tábhacht agus castacht ról an chleachtóra agus *í/é* ag cabhrú le leanaí óga dul i mbun foghlama agus foráis. Féadfaidh tú na héispeiris foghlama a chuardach ag www.ncca.ie/luathoige de réir:

- suíomh luath-óige (seisiúnach, rang naíonán bunscoile, cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha, feighlíocht leanaí, baile an pháiste féin)
- aoisghrúpa na leanaí (bábaí, lapadán, leanbh óg)
- téama de chuid Aistear (*Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*).

Féach *Eispéireas foghlama 30: Tarracóirí i gcruchás!*, a thaispeánann Rosaleen, teoráí an ghrúpa súgartha, i mbun oibre leis na leanaí chun fadhb a fhuascailt, agus cé mar a leathnaítear an fhoghlaim sin go réimsí foghlama eile.

Eispéireas foghlama 30: Tarracóirí i sáinn!

Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 3*

Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí

Setting: Seisiún naíonra

Bhí an cúpla Claire agus Robert (beagnach 3 bliana d'aois), Lauren (3½ bliain d'aois) agus Oisín (4 bliana d'aois) ag súgradh le tarracóirí agus le tochtaltóirí lasmuigh. Bhí siad gnóthach ag tógáil bunsraitheanna le haghaidh teach nua a bhí á thógáil acu. Lion siad dhá leantóir le hithir agus le clocha. An chéad tasc eile ná é seo a iompar go limistéar dumpála a bhí suite trasna an fhéir. D'imigh Oisín agus Claire leo ina dtarracóirí. Thug siad faoi deara go gasta nach mbogfadh na tarracóirí ba chuma cé chomh dian is a bhrúigh siad na troitheáin. Bhí an talamh an-mhíchothrom agus bhí an t-ualach trom! Mheas Robert agus Lauren go mbeidís siúd níos láidre. Athraíodh na tiománaithe ach níor tháinig feabhas ar an scéal.

Ina dhiaidh sin bhain siad roinnt den ábhar i gceann de na leantóirí. Chuidigh sé sin pas beag ach fós bhí gá le tréaniarracht chun rothaí an tarracóra a bhogadh. Ghlaigh Claire ar stiúthóir an naíonra, Rosaleen, le teacht anall agus breathnú ar an bhfadhb. D'imigh Rosaleen ar a glúine chun a fháil amach céard a bhí ag tarlú. Léim Claire ar an tarracóir agus bhrúigh síos na troitheáin chomh láidir agus a d'fhéadfadh sí. *Féach tú an tarracóir greamaithe*, mhínigh Claire. Ansin dúirt Rosaleen: *A thiarcais, cén fáth nach bhfuil na rothaí ag casadh?* Chuala Jamie (4 bliana d'aois), a bhí ina sheasamh ina gcóngar an comhrá, d'imigh sall chun páirt a ghlacadh agus bhreathnaigh ar rothaí an tarracóra. *Baineann Daideo úsáid as rudaí fada adhmaid nuair a ghreamaíonn an tarracóir sa Lóib, ar seisean. An féidir linn seo a dhéanamh Rosaleen?* arsa Robert. Le cúnamh Rosaleen d'aimsigh siad bosca mór cairtchláir agus ghearr siad é ina stiallacha fada. Fuair siad amach go raibh stiall amháin rófhada le sineadh trasna an fhéir agus ghearr siad é in dhá leath chun cosán fada a dhéanamh. D'oibrigh an cúigear leanaí lena chéile chun an tarracóir a bhogadh trasna an chairtchláir. Léim Claire ar ais ar an tarracóir agus bhrúigh ar na troitheáin arís. Go mall thosaigh an tarracóir ag bogadh arís agus bhí an-áthas ar gach duine. Ní fada go raibh conbhua de tharracóirí ag baint úsáide as an mbóthar cairtchláir nua, agus leagadh ithir agus clocha sa limistéar dumpála. De réir mar a bhí na leanaí ag súgradh lena chéile rinne Rosaleen iniúchadh ar an gceist leo cén fáth a gcuidíonn cairtchlár an tarracóir a bhogadh. D'eascair comhrá iomlán uaidh seo!



Ábhar Machnaimh: An mbainim úsáid as fionnachtana na leanaí chun cuidiú leo a scileanna smaointeoireachta agus réitigh fadhbanna a chothú?

Aistear: cé eile ar a bhfuil sé dírithe?

D'fhéadfaí *Aistear* a úsáid chomh maith sna suíomhanna seo a leanas:

- ranganna naíonán i mbunscoileanna
- suíomhanna cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha
- suíomhanna feighlíochta leanaí.

In *Aistear* gheofar smaointe agus moltaí do thuismitheoirí a chabhróidh leo tacú le foghlaim agus le forás a leanaí óga sa bhaile.



Uirlisí Úsáide Aistear – céard iad féin?

Gheofar in Uirlisí Úsáide Aistear neart acmhainní a chabhróidh leat eolas níos fearr a chur ar an gCreatchuraclam agus a thabharfaidh léargas duit ar cé mar a d'fhéadfadh sé cabhrú leat i do chuid oibre leis na leanaí i do shuíomh. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar an gcur i láthair ocht nóiméad a thugann foramharc gearr ar *Aistear*, sin nó éisteacht leis na podchraoltaí, nó na leidbhileoga do thuismitheoirí a íoslódáil. Sna leidbhileoga tugtar leideanna do thuismitheoirí mar gheall ar thábhacht an tsúgartha d'fhoghlaim agus d'fhorás an linbh. Le himeacht ama, cuirfead samplaí de *Aistear* i bhfeidhm leis na huirlisí úsáide samplaí, i bhfoirm gearrthóg físe, grianghraf, comhrá idir cleachtóirí agus leanaí, agus samplaí de 'obair' leanaí. Gheofar na hUirlisí Úsáide ag www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear.

Cá bhfaighinn tuilleadh eolais mar gheall ar *Aistear*?

Cuireann mórchuid de na Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae (CCC) seisiúin eolais ar fáil mar gheall ar *Aistear*. Tá imeachtaí chun eolas a sholáthar ar *Aistear* á n-eagrú chomh maith ag cuid de na heagraíochtaí deonacha náisiúnta cúram leanaí. Má tá comhordaitheoir *Síolta* ag tacú le do shuíomh gheobhaidh tú eolas uathí/uidh mar gheall ar *Aistear*. Lena chois sin, tá *Aistear* agus *Síolta* á gcomhtháthú le clár ar leibhéal an bhreisoideachais agus an ardoideachais.

